

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhrat trom sneachta i gContae Chiarraí. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna le chéile.

1. Conas atá an aimsir in Éirinn agus san Eoraip faoi láthair?
2. Ar chuir adhaimsir (*extreme weather*) isteach ar do shaol riamh? Míinigh.
3. Conas a chuireann brat trom sneachta isteach ar dhaoine, dar leat?
4. Cad atá ag tarlú sna pictiúir thíos?



5. Cén séasúr is fearr leat? Cén fáth?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

a) <i>clogged up</i>	
b) <i>movement</i>	
c) <i>grit and salt</i>	
d) <i>the ability to walk</i>	
e) <i>hemmed in</i>	
f) <i>he's flat out</i>	
g) <i>within 300m of</i>	
h) <i>relief, liberation</i>	
i) <i>electricity power</i>	
j) <i>pumps</i>	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? _____

3. Cén Ghaeilge atá agat ar na focail seo:

<i>main road</i>	
<i>back road</i>	
<i>country road</i>	

4. Tugtar 'cairteacha' ar *cars* i gcanúint na Mumhan. Cén focal atá agat féin ar *cars*?

5. Cad is brí le 'mórán Éireann daoine'? _____

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Freagraí na ceisteanna thíos le chéile?

1. Cén cineál foláirimh aimsire atá tugtha? Cén fáth?
2. Cén áit go díreach a bhfuil an brat trom sneachta?
3. Cathain a bhí an oiread sin sneachta san áit roimhe seo?
4. Cad a deir Máiréad Ní Chatháin Uí Chonchúir faoi na bóithre agus faoina saol?
5. Cén obair a bhí ar siúl ag Michael Lenihan?
6. Cén fhad atá Catherine agus Gerry Lenihan sáinnithe?
7. Cad a deir Catherine Lenihan faoina gcuid trioblóide? (Beidh ort é a aistriú go Gaeilge!)
8. Cad iad na deacrachtaí atá ag pobal Bhrosnaí?



D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint san aimsir chaite)

Baintear úsáid as **gur** (**go** le cuid de na briathra neamhrialta) chun *that* a rá sa chlaoninsint, aimsir chaite. Leanann séimhiú **gur**, seachas an saorbhriathar, agus leanann urú **go**. Féach:

Ar chuir siad an cat amach?	Dúirt sí gur chuir siad an cat amach
An bhfaca sé an cat?	Dúirt sé go bhfaca sé an cat.
Ar fógraíodh foláireamh aimsire?	Dúirt Siún gur fógraíodh foláireamh aimsire.

Baintear úsáid as **nár** (**nach** le cuid de na briathra neamhrialta) chun *that* a rá sa chlaoninsint, aimsir chaite in abairtí diúltacha. Leanann séimhiú **nár**, seachas an saorbhriathar, agus leanann urú **nach**. Féach:

Ar chuir siad an cat amach?	Dúirt sí nár chuir siad an cat amach
An bhfaca sé an cat?	Dúirt sé nach bhfaca sé an cat.
Ar fógraíodh foláireamh aimsire?	Dúirt Siún nár fógraíodh foláireamh aimsire.

Athscríobh na habairtí seo arís tar éis ‘Dúirt siad ...’

a) Bhí an aimsir an-fhuar.	Dúirt siad
b) Leathadh greanchloch agus salann ar na bóithre.	Dúirt siad
c) Ní raibh siad in ann na gluasteáin a bhogadh.	Dúirt siad
d) D’fhág an gearradh cumhachta teach Catherine gan solas ar feadh uair an chloig.	Dúirt siad
e) Níor ghlan Michael an bóthar iomlán.	Dúirt siad
f) Cuireadh tancaer uisce ar fáil do phobal Bhrosnaí.	Dúirt siad

2: Saibhreas Teanga (logainmneacha)

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cad is brí leis na logainmneacha a luadh sa mhír, dar libh? Bainigí úsáid as na suímh: www.logainm.ie, www.teanglann.ie agus www.wikipedia.org.

Sliabh Luachra	
Lios Tuathail	
Cill Gharbháin	
Brosnach	

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an méid a tuairiscíodh sa mhír. Beidh duine díbh ag tuairisciú an scéil ar TG4 ar ball. Ní bheidh ach 40 soicind am craolta agaibh, áfach. Ciallaíonn sé sin nach féidir níos mó ná 7 líne nó mar sin a scríobh. Caithfidh sibh na pointí tábhachtacha thíos a chlúdach, mar sin féin.

Cén áit a bhfuil an brat trom sneachta?

Cad iad na deacrachtaí atá ag daoine?

Cad a bhí le rá ag Máiréad Ní Chatháin Uí Chonchúir, Michael Lenihan agus Catherine Lenihan?

Cad iad na fadhbanna atá ag daoine i mBrosnach?



2: Caint

Nuair a bheidh an script réidh agaibh, roghnaígh duine ón ngrúpa a chuirfidh an tuairisc i láthair ar an nuacht (i láthair an ranga).

Pléigh na ceisteanna seo anois leis na daoine i do ghrúpa.



- ✓ An bhféachann tú ar réamhaisnéis na haimsire nó ar aipeanna aimsire go minic?
- ✓ An mbíonn do cheantar féin buailte ag an adhairsir go minic?
- ✓ An gcuireann an aimsir isteach ar an ngiúmar a bhíonn ort?
- ✓ Ar mhaith leat a bheith i do chónaí in áit ina mbíonn an aimsir i gcónaí mar an gcéanna?
- ✓ An bhfuil athrú tagtha ar an gcineál aimsire a bhíonn againn in Éirinn le dhá scór bliain anuas?

AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt

Tá oíche fhuar eile romhainn anocht agus tá stádas oráiste seaca fógartha do thrí chontae dhéag. Chruthaigh an aimsir deacrachtaí arís inniu do dhaoine. I gContae Chiarraí, cé go bhfuil na príomhbhóithre glanta, tá bac fós ar bhóithre tuaithe in oirthear an chontae. Tá scata tithe fós gan aon uisce.

Seán Mac an tSíthigh

Tá breis agus dhá scór bliain ann ó thit oiread sneachta san áit seo, deir siad. Ó Shliabh Luachra go Lios Tuathail agus ó dheas go Cill Gharbháin, tá cuid mhaith de Chiarraí tachtta faoi bhrat trom sneachta. Tá salann leata ar na príomhbhóithre ag an gcomhairle contae ach is beag corraí a dhéantar ar na cúlhbóithre.

Máiréad Ní Chatháin Uí Chonchúir, Cill Flainn

Tá siad fós lán de shioc. An ceann anseo, mar a chionn tú, is bóthar treasach é agus ní bhfuairéamar aon leasú in aon chor le greanchloch agus salann. Ach, é sin ráite, is féidir linn dul amach ar shiúl na gcos ach ní féidir linn na cairteacha ná aon rud a bhogadh. Táimid sáinnithe go maith anseo.

Seán Mac an tSíthigh

I gCnoc na gCaiseal tá Michael Lenihan luite amach air féin. Fad bóthair trí chiliméadar glanta aige do chúigear comharsan. Trí thigh fágtha.

Michael Lenihan, Cnoc na gCaiseal

I've neighbours down here and I'm trying to get them out, because if we start taking it out at all ... it's not going to come out at all. There's no sun or rain that'll thaw that. It'll take weeks.

Seán Mac an tSíthigh

Tá Michael i ngiorracht trí chéad méadar anois do Catherine agus Gerry Lenihan i Moing Bháite, iad teanntaithe ó oíche Dé Sathairn agus ag súil le fuascailt.

Catherine Lenihan, Moing Bháite

We've been lucky we've had no power cut. We had about an hour of it, I think, on Monday.

Seán Mac an tSíthigh

What are you doing for grub and things?

Catherine Lenihan, Moing Bháite

We have enough in the freezer. My husband suggested ... that we start rationing but then we haven't had to do that yet.

Seán Mac an tSíthigh

Cé go bhfuil a bhformhór ceangailte arís, tá pobal áirithe anseo in oirthear an chontae, go mór mór timpeall an cheantair, Brosnach, atá fós gan cumhacht aibhléise agus tá mórán Éireann daoine sa cheantar seo nach bhfuil aon uisce acu, toisc go bhfuil píopaí reoite agus go raibh caidéal nach raibh ag obair. Chun freastal ar an éileamh sin tá tancaeirí uisce á gcur ar fáil ag Uisce Éireann.

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

a) <i>clogged up</i>	<i>tachta</i>
b) <i>movement</i>	<i>corraí</i>
c) <i>grit and salt</i>	<i>greanchloch agus salann</i>
d) <i>the ability to walk</i>	<i>siúl na gcos</i>
e) <i>hemmed in</i>	<i>sáinnithe, teanntaithe</i>
f) <i>he's flat out</i>	<i>tá sé luite amach air féin</i>
g) <i>within 300m of</i>	<i>i ngiorracht trí chéad méadar do</i>
h) <i>relief, liberation</i>	<i>fuascailt</i>
i) <i>electricity power</i>	<i>cumhacht aibhléise</i>
j) <i>pumps</i>	<i>caidéal</i>

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.

3. Freagraí:

<i>main road</i>	príomhbhóthar
<i>back road</i>	cúlhbóthar
<i>country road</i>	bóthar tuaithe

4. Carranna, gluaisteáin.

5. *Loads of people.*

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint san aimsir chaite)

Freagraí:

a) Bhí an aimsir an-fhuar. Dúirt siad go raibh an aimsir an-fhuar.
b) Leathadh greanchloch agus salann ar na bóithre. Dúirt siad gur leathadh greanchloch agus salann ar na bóithre.
c) Ní raibh siad in ann na gluaisteáin a bhogadh. Dúirt siad nach raibh siad in ann na gluaisteáin a bhogadh.
d) D'fhág an gearradh cumhachta teach Catherine gan solas ar feadh uair an chloig. Dúirt siad gur fhág an gearradh cumhachta teach Catherine gan solas ar feadh uair an chloig.
e) Níor ghlan Michael an bóthar iomlán.

Dúirt siad nár ghlan Michael an bóthar iomlán.
f) Cuireadh tancaer uisce ar fáil do phobal Bhrosnaí.
Dúirt siad gur cuireadh tancaer uisce ar fáil do phobal Bhrosnaí.

2: Saibhreas Teanga (logainmneacha)

Freagraí/tuairimí:

Sliabh Luachra	Sliabh – <i>mountain</i> ; luachair ¹ , <i>f.</i> (gs. -chra). 1. <i>Rushes</i> . Leaba luachra, <i>rush-bed</i> . 2. <i>Rushy place, rushland</i> .
Lios Tuathail	Lios – <i>ring-fort, enclosure</i> ; Tuathal – ainm fir. NÓ: tuathal, <i>m.</i> (gs. -ail). 1. <i>Direction against the sun, wrong direction.</i> (a) (<i>As adv.</i>) Dul ~, <i>to go against the direction of the sun, anti-clockwise</i> .
Cill Gharbháin	Cill – <i>church</i> ; Garbhán – ainm fir. NÓ: garbhán ¹ , <i>m.</i> (gs. & <i>npl.</i> -áin, <i>gpl.</i> ~). <i>Coarse substance; coarse-grained object or person</i> .
Brosnach	Brosnach, <i>f.</i> (gs. -aí, <i>npl.</i> ~a, <i>gpl.</i> ~). <i>Decayed twig, stick suitable for use as kindling</i> .

*Ní féidir a bheith 100% cinnte faoi chúlra na logainmneacha.

E. CUMARSÁID

1: Scríobh

Tabhair deis do na grúpaí a script féin a scríobh faoi ábhar na míre.

2: Caint

Iarr ar dhuine amháin as gach grúpa an scéal a thuairisciú mar a dhéanfadh láithreoir ar Nuacht TG4. Nuair a bheidh sé sin déanta, cuir an rang ag obair i ngrúpaí beaga ag plé na gceisteanna a bhaineann le cúrsaí aimsire.